

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Approved Housing Bodies
Regulatory Authority



Fógra Príobháideachais an Iarrthóra Poist

Ábhar

1. Cén saghas sonraí pearsanta a ndéanaimid próiseáil orthu?.....	1
2. Cén úsáid a bhainfear as sonraí iarratais phoist?	2
3. Cé hiad na daoine a mbeidh teacht acu ar do chuid sonraí?	3
4. Cé chomh fada a choimeádfar sonraí d'iarratais phoist?	3
5. Cearta an Ábhair Sonraí	3
6. Sonraí Teagmhála	4

Cuirtear eolas ar fáil duit san fhógra príobháideachais seo maidir le conas a dhéanfar próiseáil ar do chuid sonraí pearsanta nuair a chuireann tú isteach ar phost ag Údarás Rialála na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBRA) Is é AHBRA an rialóir sonraí le haghaidh sonraí pearsanta a ndéantar láimhseáil orthu mar chuid den phróiseas earcaíochta.

1. Cén saghas sonraí pearsanta a ndéanaimid próiseáil orthu?

Baineann an fógra seo le sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun measúnú a dhéanamh ar iarratas poist ar bith a chuireann tú isteach chuig AHBRA. Go príomha, is iad seo a leanas na sonraí pearsanta a ndéanaimid próiseáil orthu:

- Ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin, nó eolas teagmhála ábhartha eile;

- Eolas a thugtar i d'fhoirm iarratais, do CV nó do litir chumhdaigh, ar nós taithí oibre ábhartha, áit fostaíochta, oideachas nó eolas eile a chuireann tú ar fáil le linn an phróisis iarratais;
- An cineál fostaíochta a lorgáidh, an tuarastal reatha, an tuarastal atá á lorg agat, dá mbeifeá sásta athlonnú nó rogha phoist ar bith eile;
- Ainmneacha agus sonraí teagmhála le haghaidh atreoruithe.

Tá an t-iarrthóir iad féin freagrach as foirm thoilithe a fháil ó mholtóirí sula gcuireann siad a gcuid sonraí pearsanta ar fáil do AHBRA. Chun amhras a sheachaint, ní mian le AHBRA eolas rúnda nó dílsithe (paitinnithe) atá faighte agat ó fhostóirí eile.

Mar chuid den phróiseas earcaíochta, d'fhéadfadh AHBRA sonraí speisialta catagóire a bhailiú agus a phróiseáil faoi GDPR (lena n-áirítear eolas ar shláinte agus ar mhíchumas). Caithfear leis na sonraí seo faoi dhiscréid iomlán agus beidh rochtain ar na sonraí seo teoranta do bhaill foirne riachtanacha.

Tabhair faoi deara go bhfaighimid eolas a bhaineann le cúrsaí pinsin agus saoire thinnis sa chás go mbíonn aistriú ó eagraíocht eile san earnáil phoiblí i gceist le do cheapachán.

Déanaimid sonraí pearsanta a phróiseáil mar chuid den phróiseas earcaíochta faoi na boinn dhlíthiúla, leas dlísteanaigh agus toiliú. Déantar sonraí pearsanta na catagóire speisialta a phróiseáil ar chúiseanna fostaíochta.

2. Cén úsáid a bhainfear as sonraí iarratais phoist?

Bainfear úsáid as sonraí an iarratais phoist a chuireann tú chugainn:

- Chun do chuid eolais a dhearbhú;
- Chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh hoiriúnach is atá tú don ról;
- Chun seiceálacha teistiméireachtaí a dhéanamh;
- Chun cumarsáid a dhéanamh leat le linn an phróisis iarratais.

Má ghlacann tú le fostaíocht ó AHBRA, déanfar an t-eolas a bhaileofar a choimeád mar chuid de do chuntas fostaíochta agus bainfear úsáid as ar chúiseanna fostaíochta.

Déantar sonraí atá teoranta don tsláinte agus don mhíchumas a phróiseáil díreach ar mhaithe le cloí le dualgais dhlíthiúla chun timpeallacht oibre shábháilte agus oiriúnach a chur ar fáil duit.

3. Cé hiad na daoine a mbeidh teacht acu ar do chuid sonraí?

Tá an rochtain ar do chuid sonraí pearsanta teoranta dóibh siúd a bhfuil riachtanas ar leith acu iad a phróiseáil. I gcomhthéacs na hearcaíochta, ní thabharfar rochtain ach amháin do AD agus do dhaoine ábhartha agus riachtanacha a bhfuil baint acu leis an bpróiseas earcaíochta, ar nós bainisteoir earcaíochta nó agallóir. D'fhonn a chinntiú go mbíonn teacht ag AHBRA ar shaineolas leordhóthanach chun agallaimh a chur i gcrích, d'fhéadfadh agallaithe seachtracha a bheith bainteach leis an bpróiseas agus beidh teacht acu ar do chuid sonraí pearsanta faoi nós imeachta slándála sonraí atá deartha go cúramach.

Oibríonn AHBRA i gcomhar le heagraíochtaí tríú páirtí chun seirbhísí a chur ar fáil. D'fhéadfadh comhlachtaí a bheith san áireamh leo seo a chuireann seirbhísí ar fáil maidir le hearcaíocht, tacaíocht AD, sláinte cheirde, stóráil sonraí, IT agus slándáil.

Sa chás go dtéimid ag obair le comhlacht tríú páirtí chun seirbhís a chur ar fáil dúinn, teastaíonn uainn go nglacfaidís céimeanna ar leith chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint, agus nach mbainfidís úsáid as na sonraí pearsanta ach amháin chun na seirbhísí áirithe sin a chur i bhfeidhm.

4. Cé chomh fada a choimeádfar sonraí d'iarratais phoist?

Déanfar taifid earcaíochta (iarratais phoist, comhfhreagras, srl.) a scrios go sábháilte agus/nó a scrios ocht mí dhéag (18) i ndiaidh don earcaíocht don ról seo teacht chun deiridh. Bí ar an eolas go gcoimeádann AHBRA taifead forléargais teoranta de sheaniarratais (lena n-áirítear ainm, aitheantóir ar leith agus toradh an iarratais). I gcás iarratas rathúil, déanfar taifid earcaíochta a choimeád ar do chomhad fostaí pearsanta.

5. Cearta an Ábhair Sonraí

Bíonn cearta áirithe ag ábhair sonraí maidir lena gcuid sonraí pearsanta faoi Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Is iad seo a leanas na cearta sin:

- An ceart go gcuirfear ar an eolas thú;
- An ceart rochtana;
- An ceart go ndéanfaí ceartúcháin;
- An ceart go ndéanfaí léirsciosadh (an ceart go ligfí i ndearmad);
- An ceart go gcuirfí srian ar phróiseáil;
- An ceart chun iniomparthacht sonraí;
- An ceart chun agóid a dhéanamh.

Tabhair faoi deara nach cearta daingne iad na cearta um chosaint sonraí agus gur féidir srian a chur orthu más gá. Má bhraitheann tú nach bhfuil ár gcleachtais phróiseála sonraí ag teacht le dualgais reachtúla, nó má bhíonn ceist ar bith agat faoin tslí a ndéanaimid próiseáil ar do chuid sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn agus soiléiriú a lorg am ar bith.

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí má bhraitheann tú go ndearnadh sárú ar do chuid ceart. Tá tuilleadh sonraí ar chearta ábhair sonraí ar fáil ag <https://www.dataprotection.ie/en/individuals/know-your-rights/right-access-information>.

6. Sonraí Teagmhála

Má bhíonn ceist ar bith agat maidir le conas a dhéantar do chuid sonraí pearsanta a láimhseáil d'fhonn na hearcaíochta ag AHBRA, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí ag dpo@ahbregulator.ie